Tine i gCarna

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thine a tharla i stáisiún na nGardaí i gCarna. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil dóthain cúraim déanta de shábháilteacht tine in Éirinn?
Cén bealach gur féidir linn an méid diabhlaíochta a bhíonn ar siúl ag daoine óga sa tír seo a laghdú?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Nobody was hurt_____
superintendent_____
attack_____
evidence _____
documents are destroyed _____
resources_____
upset _____
criminal_____
the community _____
was started maliciously_____
they are embarrassed_____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén áit sa tír ar tharla an eachtra seo.?
2. Cén cineál foirgnimh a cuireadh trí thine?
3. Cé mhéad duine a bhí ag obair san fhoirgneamh.?
4. Céard a tharla san áit chéanna cúpla seachtaine ó shin?

Ceist 4

Ráiteas	**Fíor/Bréagach**
1. Bhris an tine amach i gContae Mhaigh Eo aréir	
2. Níor gortaíodh aon duine sa tine	
3. Is trí thimpiste a tosaíodh an tine	
4. Thart ar deich a chlog san oíche a tosaíodh í.	
5. Tá a lán diabhlaíochta tar éis tarlú sa cheantar.	
6. Tá cónaí ar ocht gcéad duine sa pharóiste.	
7. Tá an trealamh cumarsáide sa stáisiún briste	
8. Níor milleadh na cáipéisí	
9. Tá na coirpigh gafa ag na gardaí.	

Ceist 5 **‘**Thart ar a deich a chlog tráthnóna aréir *cuireadh* glaoch ar an stáisiún

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaígí na habairtí thíos. Beidh oraibh an focal idir lúibíní a athrú.

1._____ an tseachtain seo caite go mbeadh aimsir mhaith againn. (fógair)
2._____ leis a bheith ciúin sa rang. (deir)

3._____ an teach ó bhun go barr le haghaidh na Nollag. (glan)

4._____ Máire ina hAire rialtais an bhliain seo caite. (ceap)

5._____ Rory Gallagher i nDún na nGall ach is i gCorcaigh

a _____ é. (rug, tóg)

Ceist 6 Tá Carna suite in iardheisceart Chonamara. Is iad na bailte móra is giorra dó, Carna agus an Clochán, mar sin féin tá Carna thart ar cúig mhíle is fiche ó bhaile an Chlocháin agus caoga míle ó chathair na Gaillimhe.

a) Cén fáth dar libh go mbeadh diabhlaíocht ar siúl i gceantar mar seo?

b) An bhfuil bealaí ann chun an sórt seo ruda a laghdú?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

- Níor gortaíodh aon duine
- Ceannfort
- Ionsaí
- Tá na cáipéisí millte
- Acmhainní
- Trína chéile
- Coirpeach
- Pobal na háite
- Tosaíodh go mailíseach
- Bhí náire orthu

Ceist 3
1)Tharla an eachtra i gCarna, Conamara i nGaeltacht Chonamara, Co na Gaillimhe.

2)Cuireadh stáisiún na nGardaí trí thine.

3)Bhí beirt ghardaí ag obair ann.

4)Briseadh na fuinneoga i stáisiún na nGardaí roinnt seachtainí ó shin.

Ceist 4
1. Bréagach
2. Fíor
3. Bréagach
4. Fíor
5. Fíor
6. Bréagach
7. Fíor
8. Bréagach
9. Bréagach

Ceist 5
1. Fógraíodh
2. Dúradh
3. Glanadh
4. Ceapadh
5. Rugadh, Tógadh

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Stáisiún Gharda Chárna loiscthe
Tá fiosrúcháin ar siúl ag na Gardaí faoi thine a tharla i stáisiún na nGardaí i gCarna i gContae na Gaillimhe aréir. Níor gortaíodh aon duine sa tine a cheaptar a tosaíodh go mailíseach, ach tá go leor damáiste déanta den taobh istigh den stáisiún. Deir ceannfort na nGardaí sa gceantar gur ionsaí ar an Stáit atá ann agus nach bhfuil aon rud níos measa ná ionsaí den chineál sin. Tá tuairisc ag Máire T. Ní Mhaidin.

Eimear
Tá an dianscrúdú teicniúil ar bun ag na Gardaí i gcaitheamh an lae féachaint le fianaise a bhailiú agus déanamh amach cén chaoi ar tosaíodh an tine aréir.

An Ceannfort Tony Ó Domhnaill
Thart ar a deich a chlog tráthnóna aréir cuireadh glaoch ar an stáisiún sa gClochán* go raibh tine tar éis tarlú san fhoirgneamh anseo, agus tháinig na Gardaí ar an láthair, agus nuair a tháinig siad ar an láthair bhí rudaí go dona caithfear a rá. Tá an-scrios déanta. Tá an scéal go dona. Tá sé le feiceáil ansin agus is rud uafásach ar fad é go bhfuil a leithéid de rud tar éis tarlú sa gceantar seo .Tá a lán diabhlaíochta tar éis tarlú sa gceantar seo ach caithfear a rá maidir leis an ionsaí seo…… Is ionsaí ar an stáit é agus níl aon rud níos measa ná sin

Máire T. Ní Mhaidín.
Níl sé ach roinnt seachtainí ó briseadh na fuinneoga ar an stáisiún céanna agus tá na heachtraí ag cuir isteach ar an bparóiste ina bhfuil cónaí ar thart ar ocht gcéad déag duine.

An Sagart áitiúil
Tá pobal na háite seo an-trína chéile faoi láthair tar éis eachtra na hoíche aréir. Ba rud uafásach gránna an rud a tharla .Tá náire orthu freisin gur tharla a leithéidí in áit dheas chiúin shocair** go hiondúil.

An Siopadóir áitiúil
Maidin inniu nuair a d'oscail mé an chéad duine a tháinig isteach d'inis siad dom go raibh an beairic lasta. Agus chuir sé brón orm, chuir sé faitíos orm agus chuir sé fearg orm. Mar ní shin é an sórt áite a bhfuil mise i mo chónaí ann.
Áit chiúin*** agus daoine deasa agus daoine groíúla agus níl a fhios agam cé as a dtáinig sé seo agus níl a fhios agam cén chaoi ar tharla sé
Níl fios dá laghad agam cén chaoi ar tharla sé ach is dona don áit

Máire T. Ní Mhaidin.
Tá an trealamh cumarsáide sa stáisiún scriosta, tá cáipéisí millte agus tá drochbhail fágtha ar throscáin agus feistis. Beirt ghardaí atá lonnaithe i gCarna agus caithfear anois malairt socruithe a dhéanamh dóibh.
Tá acmhainní breise chomh maith le foireann mhór, i mbun fiosraithe ag na Gardaí faoin tine agus deir ceannfort stáisiún an Chlocháin go gcaithfear an coirpeach nó na coirpigh atá taobh thiar den eachtra seo a thabhairt chun dlí.

* sa le hurú a deirtear i gConamara, scríobhtar ‘sa’ le séimhiú de réir an chaighdeáin.
**áit deas ciúin socair a deirtear.
***áit ciúin a deirtear